

**TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FOILSIÚ FAISNÉISE A BHAINNEAN LE
GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA IAROIFIGIGH SHINSEARACHA
TAR ÉIS DÓIBH AN tSEIRBHÍS A FHÁGÁIL**
(Airteagal 16, an tríú mír agus an ceathrú mír de na Rialacháin Foirne)

Tuarascáil bhliantúil 2017

1. Réamhrá: an creat rialála

De réir Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, leanfar den cheangaltas a bheith ar oifigigh, tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, iad féin a iompar le hionracas agus le discrédid maidir le ceapacháin áirithe nó sochair áirithe a ghlacadh. Leanfar den cheangaltas ar iaroifigigh a bhfuil sé ar intinn acu gabháil do ghníomhaíocht ghairme, cibé acu sochrach nó gan a bheith sochrach, le linn an dá bhliain tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, é seo a chur in iúl dá n-institiúid, chun go bhféadfaí sí cinneadh iomchuí a dhéanamh i ndáil leis an ábhar, agus i gcás inarb iomchuí, bac a chur orthu dul i mbun gníomhaíochta nó deonú a thabhairt faoi réir srianta iomchuí.

De réir na tríú míre d'Airteagal 16 de na Rialacháin foirne, i gcás iaroifigeach sinsearach, déanfaidh an t-údarás ceapacháin, i bprionsabal, iad a chosc, le linn an 12 mhí tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, do bheith ag gabháil do bhrústocaireacht nó do thathaint maidir le foireann a n-iarinstitiúide, le haghaidh a ngnó, a gcliant nó a bhfostóirí ar ábhair a raibh siad freagrach astu le linn na dtrí bliana deireanacha sa tseirbhís.

Ceanglaítear leis an ceathrú mír d'Airteagal 16 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, go bhfoilseoidh gach institiúid sonraí maidir le cur chun feidhme na tríú míre, gach bliain, lena n-áirítear liosta de na cásanna a scrúdaíodh.

Tá feidhm analach ag na forálacha seo go háirithe maidir le gníomhairí sealadacha ó na grúpaí polaitiúla faoi Airteagal 11 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

Leagtar amach thíos na critéir a d'úsáid an Parlaimint chun an dualgas seo a chomhlíonadh agus tugann léiriú ar a hanailís. In Iarscríbhinn leis an bhfoilseachán seo, déanann an Parlaimint achoimre ar na cinntí a glacadh de réir na bhforálacha sin.

Lena foilseachán, cuireann an institiúid leis an oibleagáid atá uirthi de réir na ceathrú míre d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne i gcomhar le pointe a) agus le pointe b) d'Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

2. Modh agus critéir chun an tríú mír d’Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm

Déileálfar le ráitis ó iaroifigigh shinsearacha maidir le gníomhaíocht ghairme atá beartaithe, mar a dhéileálfar le gach ráiteas faoin ábhar a dhéanann gach duine den fhoireann. Gheobhaidh Ard-Stiúrthóirtheacht an Phearsanra an ráiteas agus rachaidh sí i gcomhairle leis an tseirbhís nó na seirbhísí lena raibh an t-iaroifigeach ag obair le linn na trí bliana seirbhíse deiridh, leis an gComhchoiste agus, más gá, leis an tseirbhís dlí. Is sa chomhthéacs sin a dhéantar na ráitis a scrúdú chun a fhíorú an mbaineann siad leis an raon feidhme (pearsanta, sealadach agus ábhartha) den tríú mír d’Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.

Raon feidhme pearsanta (ratione personae)

Baineann na forálacha i mír 3 d’Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne le daoine ón bhfoireann lena n-áirítear daoine i bhfostaíocht shealadach, i gceann de na cineálacha poist seo a leanas:

Ardrúnaíocht Pharlaimint na hEorpa

- Leas Ard-Rúnaí
- Ard-Stiúrthóir
- Stiúrthóir

Na grúpaí polaitiúla

- Ardrúnaí
- Leas Ard-Rúnaí
- Príomhchomhairleoir
- Stiúrthóir

Raon feidhme sealadach (ratione temporis)

Tagraíonn an tríú mír d’Airteagal 16 d’iaroifigigh shinsearacha ag gabháil do ghníomhaíocht sheachtrach ‘le linn na 12 mhí tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil’.

Ba chóir, dá bhrí sin, an tréimhse sin a chur i gcuntas chun críche foilsithe mar a leagtar síos sa ceathrú mír d’Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.

Raon feidhme ábhartha (ratione materiae)

Is iad na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 3 d’Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, na gníomhaíochtaí sin arb ionann iad agus gníomhaíochtaí brústocaireachta nó tathanta maidir le foireann na hinstitiúide ina raibh an t-iaroifigeach sinsearach fostaithe, le haghaidh a ghnó, a chliant nó a fhostóirí ar ábhair a raibh sé freagrach astu le linn na trí bliana deireanacha sa tseirbhís.

Ní dhéanfaidh an Pharlaimint a hanailís a theorannú do na gníomhaíochtaí beartaithe a bhfuil brústocaireacht nó tathaint mar sprioc aonair nó mar sprioc príomha leo. Freisin, i gcás ráitis maidir le gníomhaíochtaí ar gníomhaíochtaí iad nach bhfuil brústocaireacht ná tathaint ag baint leo tráth an fhógra a thabhairt, ach, mar gheall ar a gcineál, go praiticiúil nó go teoiriciúil, a d'fhéadfadh bheith ina ngníomhaíochtaí brústocaireachta nó tathanta mar a dtagraítear i mír 3 d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, leathnóidh an Pharlaimint an anailís chun na féidearthachtaí sin a chur i gcuntas agus measúnú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht arna fhógairt mar chuid de mhír 3 d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.

3. Cásanna sonracha

In 2017, bhí seisear oifigigh shinsearacha ann a d'fhag an tseirbhís. Níor dhearbhaigh aon duine acu go mbeadh gníomhaíocht sheachtrach á déanamh aige nó aici tar éis dó nó di an tseirbhís a fhágáil.